# Na hEalaíona agus Míchumas

## Beartas agus Straitéis na Comhairle Ealaíon a Fhorbairt agus a Athbhreithniú

## Plépháipéar

D'eascair an páipéar seo maidir leis na hEalaíona agus Míchumas as machnamh, comhairle agus taighde agus tá sé mar aidhm aige plé faoin ábhar seo a spreagadh sa Chomhairle Ealaíon agus i measc páirtithe leasmhara níos faide i gcéin. Cuireann sé an bunús ar fáil le freagairtí agus tuairimí a lorg fad agus atá beartas agus straitéis athbhreithnithe sa réimse seo á forbairt ag an gComhairle.

Spriocdháta le haghaidh aighneachtaí agus tuairimí: **An 7 Meán Fómhair**

Féach http://www.artscouncil.ie/ga/areas-of-work/actions/arts-participation-news.aspx le haghaidh foirmeacha aiseolais lena mbaineann

## Clár

### Cuid a hAon


Forbhreathnú ar na hEalaíona agus Míchumas sa Chomhairle Ealaíon 3

Cúlra 3

An comhthéacs stairiúil 3

An comhthéacs reachtach 4

Soláthar reatha le haghaidh na nEalaíon agus Míchumais trí dheontais agus trí dhámhachtainí 4

Straitéisí reatha maidir le forbairt agus tacaíocht 4

Straitéisí eile a bhfuiltear ag féachaint orthu 5

Rochtain inmheánach 6

An próiseas le beartas na Comhairle Ealaíon a athbhreithniú agus a fhorbairt 6


### Cuid a Dó


Torthaí ón nGrúpa Comhairliúcháin maidir leis na hEalaíona agus Míchumas (Meitheamh 2012) 7

Struchtúr an chomhairliúcháin 7

Nóta maidir leis an teanga 7

1. Bunluachanna le féachaint orthu i mbeartas na Comhairle Ealaíon 8
2. Bearta le féachaint orthu i mbeartas na Comhairle Ealaíon 9
3. Moltaí eile 13
4. An t-idirphlé idir na hEalaíona agus Míchumas agus réimsí gaolmhara Rannpháirtíochta sna hEalaíona 14

*Aguisín 1 - Grúpa Comhairliúcháin* *15*

*Aguisín 2 - Sainmhínithe ó dhoiciméad Arts & Disability Ireland: 'Becoming a National Resource – ADI's Policy and Strategic Direction 2011 – 2016'* *16*

*Aguisín 3 - Sliocht ó Bheartas Ealaíon agus Sláinte na Comhairle Ealaíon 2010 – 2014* *17*

# Cuid a hAon

## Forbhreathnú ar na hEalaíona agus Míchumas sa Chomhairle Ealaíon

### Cúlra

I mí Feabhra 2012, d'aontaigh an Chomhairle Ealaíon athbhreithniú a dhéanamh ar a beartas agus straitéis i réimse an mhíchumais agus iad a chur ar bhonn foirmiúil le forbairtí i soláthar agus i gcleachtas a léiriú de thoradh bhearta na Comhairle Ealaíon le blianta beaga anuas (cuid acu aontaobhach agus cuid eile acu i gcomhpháirtíocht), agus na ceanglais a bhaineann le forbairtí sa reachtaíocht míchumais agus comhionannais a chur san áireamh. Táthar ag súil go soláthróidh an beartas soiléireacht agus leanúnachas don Chomhairle Ealaíon agus do na príomhpháirtithe leasmhara eile sna blianta atá amach romhainn.

Beidh ar na beartais freastal ar dhá shraith ar leith:

(i) Beartais maidir leis na hEalaíona agus Míchumas - a chuimsíonn cleachtas agus soláthar le haghaidh ealaíontóirí agus lucht féachana/lucht éisteachta atá faoi mhíchumas
(ii) Beartais maidir le Rochtain Inmheánach - a chuimsíonn rochtain ar fhoirgnimh, ar chórais agus ar sheirbhísí na Comhairle Ealaíon mar ghníomhaireacht phoiblí

Faoin struchtúr reatha eagrúcháin, tá bainistíocht ar fhorbairt agus ar mhaoiniú na nEalaíon agus Míchumais faoi chúram Rannpháirtíochta sna hEalaíona agus tá an Rannóg Oibríochtaí freagrach as rochtain inmheánach a sholáthar. Ceapadh Oifigeach Rochtana sa bhliain 2010 ach tá gach ball foirne de chuid na Comhairle Ealaíon freagrach as a chinntiú go bhfuil an foirgneamh, an fhaisnéis agus na seirbhísí a sholáthraíonn an eagraíocht chomh hinrochtana agus is féidir.

Tabharfaidh an beartas agus an straitéis nua atá beartaithe aghaidh ar chur chuige na Comhairle Ealaíon maidir le hinrochtaineacht agus rannpháirtíocht a bhaineann le (i) agus (ii) thuasluaite, agus léireofar agus tabharfar chun foirfeachta cleachtas agus soláthar reatha i bhfianaise freagraí agus aighneachtaí arna bhfáil ó réimse leathan daoine, grúpaí agus eagraíochtaí a bhfuil spéis acu sa réimse seo.

### An Comhthéacs stairiúil

Tá an Chomhairle Ealaíon gníomhach i ndul i ngleic leis na hEalaíona agus Míchumas le 25 bliain anuas ar a laghad. Tá taighde curtha i gcrích aici[1], acmhainní táirgthe aici[2] agus tá roinnt plépháipéar agus tionscnamh forbartha aici, a dearadh d'fhonn rochtain agus rannpháirtíocht a fheabhsú go hinmheánach agus in earnáil na n-ealaíon trí chéile. Ach, níor choinnigh beartais na Comhairle Ealaíon suas le tionscnaimh mar seo i gcónaí agus bhí deacrachtaí ann idirghabhálacha rathúla a chur i bhfeidhm mar chórais éifeachtacha príomhshrutha le tacú le healaíontóirí agus le lucht féachana/lucht éisteachta faoi mhíchumas.

[1] *To Enable – A Report on Access to the Arts in Ireland for People with Disabilities* (1988)
[2] *The Arts and Disability Handbook* (1999) atá ar fáil anois mar acmhainn ar líne www.artsanddisability.ie

Téann forbairt beartais is déanaí na Comhairle Ealaíon i réimse na nEalaíon agus Míchumais siar chomh fada leis an mbliain 2005 nuair a ullmhaíodh páipéar gearr 'achomair' ina ndearnadh cur síos ar na láidreachtaí agus na dúshláin a bhí le sárú ag an gComhairle Ealaíon agus ag an earnáil. Sa straitéis a tháinig ina diaidh de chuid na Comhairle Ealaíon, *Comhpháirtíocht ar son na hEalaíon (2006 - 2010)*, samhlaíodh go gcuirfí ar chumas na Comhairle Ealaíon an clár oibre seo a chur ar aghaidh go straitéiseach agus go héifeachtach dá ndéanfaí Comhairleoir um na hEalaíona agus Míchumas a earcú. Ach, tar éis próiseas soláthair ag deireadh na bliana 2007 nár éirigh leis, bheartaigh an Chomhairle Ealaíon cur chuige eile a úsáid. Shainaithin sí Arts and Disability Ireland (ADI) mar pháirtí straitéiseach a d'fhéadfadh a bheith ina heagraíocht éifeachtach acmhainní amach anseo ar an leibhéal náisiúnta agus a d'fhéadfadh, tar éis tamaill, tacú le smaointeoireacht agus le cleachtas na Comhairle Ealaíon. Ó shin i leith, d'oibrigh an Chomhairle Ealaíon go dlúth leis an ADI agus le heagraíochtaí eile san earnáil. Rinne sí dul chun cinn i réimsí an chleachtais agus an tsoláthair, agus tástáladh meicníochtaí le rochtain a phríomhshruthú laistigh den eagraíocht agus lasmuigh di, ar aon dul lena tiomantas do rochtain, rannpháirtíocht agus rannpháirteachas an phobail sna healaíona faoi mar a leagtar síos ina Forbhreathnú Straitéiseach *Na hEalaíona a Fhorbairt in Éirinn (2011 - 2013)*.

## An Comhthéacs reachtach

Ó thaobh na reachtaíochta de, trí Bheartas nua maidir leis na hEalaíona agus Míchumas a fhorbairt, cabhrófar leis an gComhairle Ealaíon coinneáil cothrom le dáta leis na hathruithe móra atá tar éis teacht ar bheartas míchumais in Éirinn le blianta beaga anuas. Cuireadh tús leo sin nuair a foilsíodh Tuarascáil an Choimisiúin um Stádas Daoine faoi Mhíchumas, dar teideal *A Strategy for Equality (1996),* agus ba é an t*Acht um Chomhionannas* (2004) an doiciméad ba thábhachtaí a tháinig sna sála uirthi.[3] leis an *Acht um Chomhionannas* (2004). Leis na míreanna reachtaíochta sin, rinneadh soiléiriú breise ar chearta daoine atá faoi mhíchumas maidir le soláthar earraí agus seirbhísí ar fud gach earnála, na healaíona san áireamh. Déantar cur síos ar na hoibleagáidí atá ar chomhlachtaí poiblí sa *Statutory Code of Practice on Accessibility of Public Services and Information provided by Public Bodies (2006)* agus déanann an tÚdarás Náisiúnta Míchumais (NDA) monatóireacht ar chur i bhfeidhm an chóid cleachtais seo.

## Soláthar reatha le haghaidh na nEalaíon agus Míchumais trí dheontais agus trí dhámhachtainí

Soláthraíonn an Chomhairle Ealaíon tacaíocht dhíreach airgeadais don earnáil ar na bealaí seo a leanas:

a. cúnamh deontais le haghaidh dhá eagraíocht a phléann leis na hEalaíona agus Míchumas amháin: Arts and Disability Ireland (ADI) - eagraíocht náisiúnta acmhainní atá bunaithe i mBaile Átha Cliath; agus KCAT - stiúideo ealaíontóirí agus compántas téatair atá bunaithe i gCill Chainnigh

[3] Leasaíodh an *tAcht um Chomhionannas Fostaíochta* (1998) agus an *tAcht um Stádas Comhionann* (2000) *agus an tAcht um Míchumas (2005)*

b. tacaíocht airgeadais a sholáthar do chleachtóirí trí Sparánachtaí, trí Thionscadail agus trí Dhámhachtainí Taistil agus Oiliúna
c. sparánachtaí spriocdhírithe le haghaidh ealaíontóirí atá faoi mhíchumas trí Scéim na nDámhachtainí Ealaíon agus Míchumais (á riar ag an Arts and Disability Forum le tacaíocht ón CETÉ);
d. tacaíocht airgeadais le haghaidh tionscnaimh chomhoibríocha trí Scéim na nEalaíontóirí sa Phobal

Tacaíonn an Chomhairle Ealaíon leis an earnáil go hindíreach freisin tríd a deontais agus tacaíochtaí eile d'ionaid, d'fhéilte, do chompántais léiriúcháin agus d'oifigí ealaíon na n-údarás áitiúil, agus tá an-chuid acu ag déanamh an-obair le feabhas a chur ar inrochtaineacht trí shaothar Ealaíon agus Míchumais a chlársceidealú ag díriú, go sonrach, ar ealaíontóirí, ar lucht féachana/lucht éisteachta agus ar rannpháirtithe atá faoi mhíchumas.

## Straitéis reatha maidir le forbairt agus tacaíocht

Anuas ar a cláir deontais agus dámhachtainí, leanann an Chomhairle Ealaíon de shaothrú a dhéanamh ar thrí phríomhstraitéis chun earnáil na nEalaíon agus Míchumais in Éirinn a fhorbairt agus tacú léi agus chun feabhas a chur ar inrochtaineacht do lucht féachana/lucht éisteachta atá faoi mhíchumas:

1. *Tacaíocht don ADI lena forbairt mar eagraíocht náisiúnta acmhainní*
   Le ceithre bliana anuas, chuidigh an Chomhairle Ealaíon leis an ADI athbhreithniú straitéiseach a dhéanamh agus cúpla athrú a chur i bhfeidhm d'fhonn a tacaíocht d'earnáil na nEalaíon agus Míchumais a uasmhéadú. Ina dhiaidh sin, tá na rudaí seo a leanas déanta ag an ADI: rinne sé athstruchtúrú ar a fhoireann; bhog sé go háit atá inrochtana go hiomlán in ionad Sean O'Casey, an Port Thoir, Baile Átha Cliath; athchóirigh sé a suíomh Gréasáin; agus d'fhorbair sé roinnt cláir líonraithe, sárthaispeántais, agus meantóireachta mar aon le níos mó reacaireachta agus fotheidealaithe a chur amach le compántais, le hionaid agus le féilte. I mí Dheireadh Fómhair 2011, sheol sí a doiciméad beartais *On becoming a national resource 2011–2016* agus le déanaí, d'fhorbair sí pacáiste nuashonraithe d'Oiliúint ar Chomhionannas Míchumais le haghaidh Earnáil na nEalaíon.

2. *Líonrú sna hEalaíona agus Míchumas (ADN) a chur i bhfeidhm de réir a cheile ar an leibhéal áitiúil*
   Is samhail chomhpháirtíochta é ADN, a thugann an Chomhairle Ealaíon, ADI agus údaráis áitiúla ar leith le chéile le forbairt a dhéanamh ar acmhainn na nEalaíon agus Míchumais ar an leibhéal áitiúil. Cuireadh scéim phíolótach ADN i gcrích i Maigh Eo sa bhliain 2010 agus ansin cuireadh ADI i bhfeidhm i nGaillimh agus tá sé á chur i bhfeidhm i gCathair Chorcaí faoi láthair. Go dtí seo, is éard atá mar thoradh air ná rochtain níos fearr ar ionaid áitiúla chomh maith le leibhéal uaillmhéine níos airde maidir le clárú agus forbairt lucht féachana sna hEalaíona agus Míchumas. Tá an tsamhail bunaithe ar cheithre phríomhphiléar ach tá sí solúbtha freisin ionas gur féidir léi

acmhainní áitiúla agus tosaíochtaí i ngach ceantar a chuimsiú. Cuimsítear na rudaí seo a leanas sa tsamhail:

- Oiliúint ar Chomhionannas Míchumais (DET) a sholáthar d'ionaid, d'eagraíochtaí ealaíon agus d'ealaíontóirí aonair sa chathair/chontae roghnaithe.
- Tacaíocht a sholáthar d'ionaid maidir le forbairt a dhéanamh ar iniúchtaí rochtana agus don earnáil trí chéile maidir le raon na gcleachtas Ealaíon agus Míchumais sa chathair/chontae a leathnú
- Saothar Ealaíon agus Míchumais atá comhaimseartha, gairmiúil, agus ar ardchaighdeán a léiriú in ionaid áitiúla
- Acmhainní a bhaineann le dea-chleachtas a ghiniúint agus a scaipeadh m.sh. foilsiú 'A Shift in Perspective', ina dtugtar comhairle phraiticiúil maidir le taispeántais agus taibhithe inrochtana a fhorbairt agus a chur chun cinn.

3. *Rochtain a phríomhshruthú mar chuid lárnach de sholáthar na Comhairle Ealaíon*
Le tiomantas na Comhairle Ealaíon do rochtain, rannpháirtíocht agus d'éagsúlacht cleachtais a chur ar aghaidh, tá sí ag obair leis an ADI le taibhithe cuidithe a chur ar siúl mar threoirthionscadal do lucht féachana/lucht éisteachta atá faoi mhíchumas mar chuid lárnach den Scéim Camchuairte agus Scaipthe Saothair sa bhliain 2012. D'aontaigh Amharclann na Mainistreach agus Corn Exchange páirt a ghlacadh sa treoirscéim seo, ina mbeidh ionaid ar fud na tíre ag glacadh páirte i margaíocht, in ullmhú agus i soláthar taibhithe cuidithe freisin. Tacaíonn Arts Audiences leis an ngné den treoirscéim a bhaineann le forbairt lucht féachana/lucht éisteachta agus gheobhaidh an Chomhairle Ealaíon eolas faoi conas rochtain a phríomhshruthú mar chuid dá meicníochtaí maoinithe ón méid a fhoghlaimeofar ón treoirscéim.

## Straitéisí eile a bhfuiltear ag féachaint orthu

Tá tús curtha le hobair ar shainscagadh a dhéanamh ar roinnt faisnéis bhunúsach faoin gcur chuige i leith na nEalaíon agus Míchumais a glacadh i roinnt Comhairle Ealaíon eile (Sasana, Albain, an Bhreatain Bheag agus an Astráil). Nuair a tugadh faoin taighde seo bhí sé mar aidhm aige féachaint an bhféadfaí forbairt a dhéanamh ar líonra piaraí thar chuid/gach ceann de na Comhairlí Ealaíon seo le faisnéis, le hacmhainní, le samhlacha forbartha agus le smaointí maidir le comhoibriú idirnáisiúnta a chomhroinnt, lena n-áirítear saothar ar ardchaighdeán sna hEalaíona agus Míchumas a chur chun cinn.

## Rochtain inmheánach

Thar na blianta, agus chun a dualgais dhlíthiúla agus eiticiúla a aithint, tá roinnt céimeanna tógtha ag an gComhairle Ealaíon chun a foirgnimh, a córais agus a seirbhísí a dhéanamh chomh hinrochtana agus is féidir dóibh siúd atá faoi mhíchumas. Ach, tá easnaimh shuntasacha fós le feiceáil. Cuimsítear sa phlean reatha le dul i ngleic leis na heasnaimh sin coiste trasfhoirne a bhunú le tacú leis an Oifigeach Rochtana ainmnithe ar na bealaí seo a leanas:

a. iniúchadh rochtana a chur i bhfeidhm ar fud na Comhairle Ealaíon faoi na trí theideal seo: rochtain fhisiceach; córais, seirbhísí agus cumarsáid; agus meon (Meán Fómhair/Deireadh Fómhair 2012)
b. anailís a dhéanamh ar thorthaí an iniúchta agus cuidiú leis an Oifigeach Rochtana plean gníomhaíochta cuimsitheach a dhéanamh ag a bhfuil gníomhaíochtaí tosaíochta is féidir a bhaint amach faoi gach ceann de na trí theideal sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma (Samhain 2012)
c. Oiliúint nuashonraithe ar Chomhionannas Míchumais (DET) a sholáthar don fhoireann uile (2013)
d. próiseas a fhorbairt le rochtain a phríomhshruthú ar fud meicníochtaí maoinithe, bunaithe ar a bhfuil foghlamtha ón treoirscéim Camchuairte agus Scaipthe Saothair (Leanúnach)

## An próiseas le beartas na Comhairle Ealaíon a athbhreithniú agus a fhorbairt sa bhliain 2012

Roimh scaipeadh an pháipéir seo agus roimh an nglao ar fhreagairtí/tograí, bhí próiseas leanúnach comhairliúcháin agus cumarsáide le heochairpháirtithe ar siúl. Anuas air seo, d’eagraigh an Chomhairle Ealaíon dhá lá plé maidir le beartas i mí an Mheithimh 2012 le réimse leathan páirtithe leasmhara lena n-áirítear ealaíontóirí, gníomhaithe, agus daoine aonair a oibríonn in eagraíochtaí ealaíon, in oifigí ealaíon na n-údarás áitiúil agus in ionaid. Tugadh cuireadh don ghrúpa athbhreithniú a dhéanamh ar smaointeoireacht agus ar sholáthar reatha na Comhairle Ealaíon i réimse na nEalaíon agus Míchumais agus na láidreachtaí, na heasnaimh agus na deiseanna lárnacha a aithint ar cheart don Chomhairle Ealaíon féachaint orthu dar leis nuair a bheidh a beartas agus a straitéis sa réimse seo á nuashonrú aici.

I gCuid a Dó den pháipéar seo leagtar amach na torthaí ón dá lá plé maidir le beartas. Tagann na smaointí agus na moltaí a ndéantar cur síos orthu díreach ón ngrúpa[4]agus tá a n-ainmneacha ar fáil in Aguisín 1. Is léiriú é próifíl éagsúil an ghrúpa comhairliúcháin ar chastacht na hearnála agus cuireann sé réimse tábhachtach dearcthaí ar fáil ar na bealaí ina ndéantar ealaín, ina gcuirtear i láthair í agus ina dtacaítear léi i gcomhthéacsanna agus i bhfoirmeacha ealaíne éagsúla.

[4] Rinneadh eagarthóireacht agus cónaidhmiú éigin ar smaointe ar mhaithe le soiléireacht agus soléiteacht

# Cuid a Dó

## Torthaí ón nGrúpa Comhairliúcháin maidir leis na hEalaíona agus Míchumas (Meitheamh 2012)

### Struchtúr an chomhairliúcháin

D'fhéach an grúpa ar cheithre shaincheist lárnacha:

1. Bunluachanna le féachaint orthu i mbeartas na Comhairle Ealaíon

2. Bearta le féachaint orthu i mbeartas na Comhairle Ealaíon
   - tacaíochtaí d'ealaíontóirí faoi mhíchumas
   - tacaíochtaí do lucht féachana/lucht éisteachta faoi mhíchumas
   - straitéis a chinnteoidh bonneagar inrochtana agus uileghabhálach ealaíon

3. Moltaí eile
   - rannpháirtíocht le seirbhísí míchumais agus le heagraíochtaí ionadaíocha.
   - tacaíocht le haghaidh tionscadail chomhoibríocha i gcomhthéacsanna míchumais
   - tacaíocht le haghaidh tionscnaimh lánpháirtithe agus/nó compántais lánpháirtithe

4. An t-idirphlé idir na hEalaíona agus Míchumas agus réimsí gaolmhara Rannpháirtíochta sna hEalaíona

### Nóta maidir leis an teanga

Rinneadh roinnt plé sa ghrúpa faoin gcaoi a n-úsáidtear teanga. Mhothaigh daoine áirithe go n-úsáidtear an-chuid béarlagair i ndoiciméid beartas ealaíon agus go gcuireann sé sin le fadhbanna eisiamh i gcás go leor daoine, ní hamháin daoine faoi mhíchumas. Bhí moladh amháin go bhféadfadh an Chomhairle Ealaíon féachaint ar leagan breise i mBéarla níos simplí nó achoimre ar an mBeartas a fhoilsiú nuair a fhoilseofar an beartas.

Chun críche an doiciméid seo, tá an Chomhairle Ealaíon ag baint úsáide as roinnt téarmaí ar aon dul leis na sainmhínithe atá ar fáil in 'Becoming a National Resource – ADI's Policy and Strategic Direction 2011 – 2016'. Ina measc, tá na téarmaí seo: Na healaíona agus míchumas; na healaíona míchumais; Ealaíona na mBodhar; Míchumastreoraithe; agus Ealaíontóirí atá faoi mhíchumas (féach Aguisín 2).

I measc na dtéarmaí eile a úsáidtear ar bhealach ar leith sa doiciméad seo tá:

*Forbairt cumais:* eolas, scileanna agus meonta a fhorbairt a bhaineann le bonneagar na n-ealaíon áitiúil ionas gur féidir leis a bheith inrochtana go hiomlán agus ábhartha ar bhonn áitiúil.

*Na healaíona lánpháirtithe/cleachtas na n-ealaíon lánpháirtithe:* Saothar a dhéanann, a thabhaíonn, nó a chuireann ealaíontóirí oilte faoi mhíchumas i láthair taobh le healaíontóirí nach bhfuil faoi mhíchumas, ar bhonn cothrom agus gairmiúil/leathghairmiúil.

*Na healaíona comhpháirteacha/cleachtas na n-ealaíon comhpháirteach:* nuair a oibríonn ealaíontóir oilte (a d'fhéadfadh a bheith faoi mhíchumas nó gan a bheith faoi mhíchumas) le rannpháirtithe neamhghairmiúla ar feadh tréimhse theoranta chun saothar ar leith a tháirgeadh. Is féidir le leibhéal agus cáilíocht an chomhoibrithe athrú go mór ó shaothar go saothar. I réimse na Rannpháirtíochta sna hEalaíona, tacaíonn an Chomhairle Ealaíon le saothar ina bhfuil leibhéil arda comhoibrithe i rith chéimeanna na pleanála, an táirgthe agus an chuir i láthair.

## 1. Bunluachanna le féachaint orthu i mBeartas na Comhairle Ealaíon

Cé go raibh roinnt difríochtaí i dtuairimí agus i mbéim i measc rannpháirtithe an ghrúpa, bhíothas d'aon tuairim gur cheart na luachanna agus na tiomantais seo a leanas a léiriú sa doiciméad beartas atá le heisiúint ag an gComhairle Ealaíon go gairid:

a. Tiomantas don tsamhail shóisialta mhíchumais[5] ar fud foirmeacha ealaíne[6].

b. Tiomantas do rannpháirtíocht agus rannpháirteachas daoine atá faoi mhíchumas sna healaíona ar gach leibhéal agus léiriú soiléir go bhfuil an Chomhairle Ealaíon ag lorg agus gur mór aici tuairimí na ndaoine a bhfuil baint acu le hearnáil na nEalaíon agus Míchumais m.sh. mar chleachtóirí, mar rannpháirtithe, mar fhostaithe, mar lucht féachana/lucht éisteachta, mar chomhairleoirí agus mar chomhaltaí boird. Leanfadh sé seo prionsabail na rochtana agus an chomhionannais thar na naoi bhforas sa Reachtaíocht Comhionannais[7], agus d'aithneodh sé an méid a chuireann[8] daoine atá faoi mhíchumas le saol ealaíne agus cultúrtha na hÉireann

[5] Tuigtear de réir na samhla sóisialta míchumais gurb í an tsochaí a chuireann daoine a bhfuil lagú orthu faoi mhíchumas, mar gheall ar an gcaoi ina bhfuil sí eagraithe agus mar gheall ar na coinbhinsiúin agus na tosaíochtaí a léiríonn sí. Mar shampla, is deacair do dhaoine atá maolghluaiste go leor foirgneamh a rochtain, ach tarlaíonn sé sin mar thoradh ar choinbhinsiúin agus ar thraidisiúin ar leith i ndearadh foirgnimh agus is féidir é a sheachaint.

[6] *San Acht Ealaíon 2003,* sainmhínítear na healaíona mar: 'any creative or interpretative expression (whether traditional or contemporary) in whatever form, and includes, in particular, visual arts, theatre, literature, music, dance, opera, film, circus and architecture, and includes any medium when used for those purposes

[7] San Acht um Chomhionannas, 1998 agus san Acht um Stádas Comhionann, 2000, eisreachtaítear an t-idirdhealú i bhfostaíocht, i ngairmoiliúint, i margaíocht, i gcomhaontuithe comhchoiteanna, i soláthar earraí agus seirbhísí agus deiseanna eile a bhfuil rochtain ag an bpobal i gcoitinne orthu ar naoi bhforas ar leith. Is iad sin: inscne; stádas pósta; stádas teaghlaigh; aois; míchumas; cine; claonadh gnéasach; creideamh; agus a bheith mar dhaoine den Lucht Siúil. Faoin Acht, is éard is idirdhealú ann ná go ndéileáiltear le duine le níos lú fabhair ná mar a dhéileáiltear, mar a déileáladh nó mar a dhéileálfaí le duine eile ar aon cheann de na forais thuasluaite.' Tógadh an téacs ó shuíomh Gréasáin an Údaráis Comhionannais, Iúil 2012.

[8] Cé gur aithníodh go laghdaítear na healaíona de thoradh eisiaimh, bhí imní ar roinnt daoine faoin tagairt do 'saibhriú' na n-ealaíon ag daoine atá faoi mhíchumas, go bhfeadfaí glacadh leis go raibh uasal le híseal á dhéanamh ar dhaoine faoi mhíchumas.

c. Tiomantas do rochtain agus rannpháirtíocht a phríomhshruthú d'ealaíontóirí agus do lucht féachana/lucht éisteachta faoi mhíchumas, fad is atáthar ag aithint an gá atá ann le forbairt cumais[9] ar fud earnáil na n-ealaíon.

d. Ráiteas tuisceana nach bhfuil an earnáil aonchineálach ná gan athrú ach go bhfuil sí casta agus ag forbairt i gcónaí

e. Ráiteas aitheantais gur cheart do lucht féachana/lucht éisteachta faoi mhíchumas a bheith ina gcuid lárnach d'aon chlár/tionscnamh Forbartha Lucht Féachana/Lucht éisteachta

f. Ráiteas luacha/tacaíochta do chleachtais lánpháirtithe, uaillmhianacha[10] a chinntíonn comhionannas ó thaobh deiseanna i ndéanamh, i gcur i láthair/taibhiú, agus úinéireacht an tsaothair agus a chuireann deiseanna forbartha gairmiúla chun cinn

g. Ráiteas luacha/tacaíochta do chleachtais chomhoibríocha a chinntíonn:
   i. Rannpháirtíocht ar ardchaighdeán agus idirghníomhaíocht atá uaillmhianach ó thaobh na healaíne de idir daoine aonair/grúpaí faoi mhíchumas agus ealaíontóirí saoithiúla atá ag cleachtadh (agus é soiléir gur féidir leis an ealaíontóir saoithiúil a bheith faoi mhíchumas nó gan a bheith faoi mhíchumas)
   ii. Cur chuige dírithe ar an duine a chuireann ar chumas rannpháirtithe teacht ar a spéiseanna agus iad a fhiosrú trí (chomh fada agus is féidir) bhaint a bheith acu i bpleanáil, i ndéanamh, i múnlú agus i measúnú an tsaothair

## 2. Bearta le féachaint orthu i straitéis na Comhairle Ealaíon

Cé gur chuir an grúpa liosta fada moltaí le chéile lena mbreithniú ag an gComhairle Ealaíon, cheistigh baill den ghrúpa freisin an raibh na saincheisteanna seo uile taobh istigh de shainchúram na Comhairle Ealaíon. Mhothaigh cuid acu go bhféadfaidís ról níos réamhghníomhaí a ghlacadh i rochtain agus rannpháirtíocht a chur chun cinn d'ealaíontóirí agus do lucht féachana/lucht éisteachta iad féin ar bhonn aonair agus eagraíochtúil. Leag daoine eile béim ar fhreagrachtaí na n-údarás áitiúil agus comhlachtaí eile in earnáil na n-ealaíon agus san earnáil mhíchumais. D'aithin an grúpa an teannas atá ann idir ealaíontóirí aonair atá faoi mhíchumas, cuid acu atá ag iarraidh forbairt 'ar a mbealach féin', agus an iomarca idirghabhála ón gComhairle Ealaíon a sheachaint, agus cuid eile atá ag iarraidh níos mó idirghabhála a fheiceáil.

Maidir le tacaíochtaí d'ealaíontóirí, i measc na dtéamaí a tháinig aníos arís is arís eile bhí an gá atá ann na riachtanais atá ag foirm ealaíne a chothromú leis na riachtanais a bhaineann, go sonrach, le míchumas, agus le rochtain agus rannpháirtíocht i mbonneagar príomhshrutha na n-

[9] 'Cheistigh an grúpa céard go díreach a bhí i gceist leis an téarma 'forbairt cumais' (Féach 'Nóta maidir leis an teanga' thuas) agus mheas daoine áirithe nach raibh ann ach béarlagair nach gá. Moladh féachaint ar théarma eile, 'meicníochtaí forbartha', ina áit.

[10] Féach 'Nóta maidir leis an teanga' lch.7.

ealaíon a chinntiú. Ar an iomlán, aontaíodh go raibh gá le tacú le leibhéil ghníomhaíochta níos airde agus próifíl níos airde don saothar.

Maidir le lucht féachana/lucht éisteachta, léiríodh imní tríd an bplé ar fad go mbeadh acmhainní ag gabháil leis an dhea-thoil, agus go nglacfadh an Chomhairle Ealaíon ról soiléir maidir le cur ina luí ar eagraíochtaí ealaíon líne buiséid a áireamh le haghaidh riachtanas rochtana.

Maidir le bonneagar na n-ealaíon, bhain an comhrá leis an ngá atá ann le ceannaireacht ón gComhairle Ealaíon agus a ról ó thaobh léiriú a dhéanamh ar na buntáistí a bhaineann le pleanáil agus clársceidealú níos cuimsithí agus cur le lucht féachana ar bhealach níos cuimsithí. I gcomhrá maidir leis na bealaí ina bhféadfaí eagraíochtaí ealaíon a spreagadh, a áitiú nó a ordú bonnlíne caighdeáin rochtana inghlactha a fhorbairt, léiríodh an iliomad tuairimí éagsúla. Bhí daoine áirithe ar son cineálacha cur chuige agus dreasachtaí forbraíochta agus mhol daoine eile úsáid a bhaint as reachtaíocht comhionannais le monatóireacht níos treise a dhéanamh; agus bhí grúpa eile i lár an dá thuairim sin.

a. Tacaíochtaí d'Ealaíontóirí faoi mhíchumas[11]

Anuas air seo, mar chuid de chóras leanúnach deontas agus dámhachtainí na Comhairle Ealaíon, mhol an grúpa gur cheart féachaint ar na tacaíochtaí seo a leanas sa straitéis bheartaithe:

i. Lárionad faisnéise d'ealaíontóirí faoi mhíchumas lena n-áirítear:
  - faisnéis sothuigthe maidir le deiseanna maoinithe (ón gComhairle Ealaíon agus ó fhoinsí eile)
  - cúnamh le próisis iarratais (d'fhéadfadh duine tiomnaithe i suíomh lárnach é seo a dhéanamh)

ii. Rochtain ar thacaíocht ó phiaraí agus líonrú d'ealaíontóirí faoi mhíchumas ar leibhéal réigiúnach/náisiúnta lena n-áirítear:
  - meantóireacht piaraí i bhforbairt ghairmiúil (nasctha le heagraíocht/ionad ealaíon más féidir)
  - meantóireacht piaraí/cúnamh ó phiaraí le próisis iarratais ar mhaoiniú ar leibhéal réigiúnach cosúil leis na Comhairleoirí Deis a chuidíonn le cleachtóirí na nEalaíon Traidisiúnta le hiarratais

iii. Soláthar díreach níos fearr d'ealaíontóirí faoi mhíchumas
  - féachaint chuige go gclúdaíonn tacaíochtaí reatha maoinithe na Comhairle Ealaíon d'fhorbairt ghairmiúil ealaíontóirí faoi mhíchumas agus go gcuimsítear costais ar leith a bhaineann le míchumas (m.sh. PAnna)
  - féachaint ar thacaíochtaí ar leith eile atá ag teastáil ó ealaíontóirí faoi mhíchumas le gairm bheatha a fhorbairt sna healaíona lena n-áirítear forbairt ar shruth maoiniú caipitil le cur ar chumas ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn

[11] Tá roinnt pointí a rinne an grúpa le linn an tseisiúin maidir le Tacaíochtaí d'Ealaíontóirí curtha isteach in áiteanna eile den pháipéar seo d'fhonn athrá a sheachaint.

trealamh ar leith a cheannach m.sh. anuas ar an trealamh a theastaíonn ó ealaíontóirí nach bhfuil faoi míchumas.

- athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis déanta iarratais agus cinntí sna Dámhachtainí Ealaíon agus Míchumais ionas go mbeidh siad ar aon dul le dámhachtainí eile na Comhairle Ealaíon, agus níos mó soiléireachta a chur ar fáil maidir leis na cosúlachtaí agus difríochtaí teanga agus cleachtais idir an Chomhairle Ealaíon agus Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann (CETÉ)
- deiseanna a chur ar fáil d'ealaíontóirí atá faoi mhíchumas nascadh go hidirnáisiúnta

iv. Naisc fheabhsaithe idir ealaíontóirí faoi mhíchumas agus eagraíochtaí príomhshrutha ealaíon :

- tacú le heagraíochtaí ealaíon a bhfuil maoiniú acu agus iad a dhreasú d'fhonn a chinntiú go soláthraíonn siad clársceidealú cuimsitheach agus seirbhísí cuimsitheacha, agus obair a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtaí agus níos uaillmhianaí le healaíontóirí faoi mhíchumas (m.sh. comhléiriúcháin)
- tacú le healaíontóirí faoi mhíchumas d'fhonn feabhas a chur ar dhoiciméadúchán agus ar chur chun cinn a saothar i leith eagraíochtaí ealaíon
- rannpháirtíocht a spreagadh d'ealaíontóirí faoi mhíchumas ar bhoird eagraíochtaí ealaíon ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta

v. Naisc idir an Chomhairle Ealaíon, na seirbhísí míchumais, agus seirbhísí gaolmhara eile a fheabhsú:

- teagmháil a dhéanamh le heagraíochtaí a chuireann maoiniú ar fáil agus a bhaineann go sonrach le míchumas d'fhonn forbairt a éascú ar smaointeoireacht níos comhtháite
- féachaint chuige gur féidir le healaíontóirí faoi mhíchumas a dhéanann a saothar i gcomhthéacs seirbhísí míchumais neamhspleáchas ealaíne a bhaint amach
- naisc la chruthú le seirbhísí ábhartha tacaíochta eile m.sh. An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh

b. Tacaíochtaí do lucht féachana/lucht éisteachta faoi mhíchumas

i. Clár athraithe meonta agus forbartha beartais a cheapadh agus a chur i bhfeidhm i measc eagraíochtaí a fhaigheann maoiniú ón gComhairle Ealaíon, go háirithe ionaid, féilte, compántais agus oifigí ealaíon na n-údarás áitiúil:

- Oiliúint a sholáthar a chuirfidh ar chumas eagraíochtaí cur le rannpháirtíocht lucht féachana/lucht éisteachta ar bhealach níos táirgiúla
- Eagraíochtaí a dhreasú le beartais mhíchumais agus Pleananna Gníomhaíochta Míchumais a chruthú a bhaineann le rochtain, taibhithe cuidithe, oiliúint ar chomhionannas míchumais (DET), margaíocht, forbairt lucht féachana/éisteachta, measúnú, sárthaispeántas srl.

ii. Eagraíochtaí ealaíon a spreagadh agus a dhreasú chun na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- Cur le líon agus le raon na dtaibhithe/imeachtaí cuidithe ar fud na bhfoirmeacha ealaíne go háirithe na cinn atá ag freastal ar lucht lagamhairc agus lagéisteachta agus lucht féachana atá bodhar; moladh gurb fhéidir daoine a spreagadh le teacht le chéile le trealamh a cheannach agus saineolas a chomhroinnt ar leibhéal áitiúil
- faisnéis níos fearr a sholáthar maidir leis na bealaí ar leith ina soláthraíonn siad rochtain do lucht féachana/lucht éisteachta a bhfuil lagú/míchumais éagsúla orthu
- úsáid pasanna compánaigh a chur chun cinn
- forbairt agus clársceidealú saothar a bhaineann le lucht féachana/éisteachta ar leith faoi mhíchumas nó atá dírithe orthu a spreagadh (go háirithe i gcomhthéacs ionad agus féilte)
- margaíocht níos éifeachtaí a fhorbairt do lucht féachana/lucht éisteachta faoi mhíchumas (moladh pointe ar leith teagmhála d'imeachtaí a bhaineann go sonrach le daoine faoi mhíchumas)
- teagmháil a fhorbairt le heagraíochtaí a bhaineann go sonrach le daoine faoi mhíchumas, d'fhonn lucht féachana/lucht éisteachta faoi mhíchumas a mhealladh agus forbairt a dhéanamh ar cheardlanna spriocdhírithe roimh sheónna le haghaidh tuilleadh imeachtaí
- scagadh a dhéanamh ar shineirgí le himeachtaí atá dírithe ar dhaoine breacaosta

c. Straitéisí do bhonneagar ealaíon níos inrochtana agus níos cuimsithí

i. Ról ceannaireachta a ghlacadh i bhforbairt cineálacha cur chuige níos cuimsithí i leith na nEalaíon agus Míchumais

- Cur chuige san eagraíocht uile a ghlacadh i gcruthú bheartas na Comhairle Ealaíon maidir leis na hEalaíona agus Míchumas; agus feasacht níos airde a spreagadh ar obair sna hEalaíona agus Míchumas thar fhoirne foirm ealaíne san eagraíocht
- Cur chuige iomlánaíoch a ghlacadh i leith na hOiliúna ar Chomhionannas Míchumais (DET) taobh istigh den Chomhairle Ealaíon agus an earnáil a spreagadh an rud céanna a dhéanamh. Dá mbeadh an fhoireann ar gach leibhéal agus i ngach rannóg rannpháirteach d'fhéadfaí féachaint ar fhadhbanna rochtana i ngach próiseas pleanála
- Comhpháirtíochtaí idirghníomhaireachta a fhorbairt agus tús a chur leis an tsamhail *Arts & Disabiliity Networking*[12] chomh maith le scaipeadh na foghlama ó gach aon cheantar atá rannpháirteach.
- Na heagraíochtaí ealaíon ar fad a fhaigheann maoiniú a spreagadh le dul i ngleic leis na beartais agus na cleachtais a chuireann foireann Rannpháirtíochta sna hEalaíona de chuid na Comhairle Ealaíon chun cinn, chomh maith leis na cinn ina bhfoirm ealaíne ar leith.

[12] Samhail forbartha cumais áitiúil a forbraíodh agus a seachadadh i gcomhpháirtíocht le Arts and Disability Ireland (ADI) agus le húdaráis áitiúla ar leith (Maigh Eo, Cathair agus Contae na Gaillimhe, agus Cathair Chorcaí go dtí seo). Féach lch 4 le tuilleadh eolais a fháil.

- Obair bhreise a dhéanamh maidir le foilsiú an bheartais nua trí fhaisnéis phraiticiúil, agus treoirlínte agus meicníochtaí praiticiúla a chur ar fáil le cuidiú le heagraíochtaí dul i gcomhairle le healaíontóirí agus le lucht féachana/éisteachta faoi mhíchumas ar an leibhéal áitiúil[13]

ii. Comhtháthú na nEalaíon agus Míchumais le soláthar agus cleachtas ealaíon príomhshrutha a spreagadh
- Deiseanna a sholáthar d'eagraíochtaí lárnacha, go háirithe d'fhéilte agus d'ionaid, saothar Ealaíon agus Míchumais ar ardchaighdeán a fheiceáil
- A gcuid oibleagáidí dlíthiúla a chur i gcuimhne d'fhéilte agus d'ionaid
- Ionaid a spreagadh le forbairt a dhéanamh ar chláir chónaitheacha le healaíontóirí faoi mhíchumas nó compántais lánpháirtithe
- Tacú le hionaid agus le heagraíochtaí ealaíon oibrithe faoi mhíchumas a lánpháirtiú ar fud gach réimse agus cumais cheannaireachta a chothú
- Tacú le cruthú 'clár Ambasadóra' chun próifíl earnáil na nEalaíon agus Míchumais a ardú i measc eagraíochtaí ealaíon

iii. Cuidiú le feabhas a chur ar rochtain ealaíontóirí/oibrithe ealaíon faoi mhíchumas ar oideachas agus ar oiliúint ghairmiúil
- Taobhú le hinstitiúidí tríú leibhéal le rochtain níos fearr a fháil
- Deiseanna oiliúna agus tacaíochtaí maoinithe a sholáthar le haghaidh ealaíontóirí faoi mhíchumas (ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn san áireamh)
- Féachaint ar an gcaoi go bhféadfaí eagraíochtaí ealaíon a dhreasú níos mó daoine faoi mhíchumas a fhostú (m.sh. leagan den scéim Job Bridge/ intéirneachtaí íoctha d'ealaíontóirí agus oibrithe ealaíon faoi mhíchumas)

iv. Dualgas a chur ar eagraíochtaí ealaíon, go háirithe ionaid, tuairisciú ar ghníomhaíochtaí cuimsithe daoine faoi mhíchumas.
- Ionaid a mhaoiniú le tabhairt faoi iniúchtaí rochtana agus le dul i ngleic leis na heasnaimh a aithnítear
- Dualgas a chur ar ionaid a rannpháirteachas le daoine faoi mhíchumas a thuairisciú
- Ionaid a spreagadh le hiniúchadh a dhéanamh ar a lucht féachana/lucht éisteachta, agus le dul i ngleic le haon easnaimh a aithnítear tríd an bpróiseas seo
- Meicníocht bunaithe ar an nGréasán a bhunú chun faisnéis maidir le cuimsiú daoine faoi mhíchumas a chomhroinnt idir ionaid agus eagraíochtaí ealaíon.

3. Moltaí eile

a. Dul i dteagmháil le seirbhísí míchumais agus le heagraíochtaí ionadaíocha

[13] Ar nós an phlé faoi Lucht Féachana/Lucht Éisteachta, ní raibh daoine ar aon tuairim faoi ról na Comhairle Ealaíon agus cé acu an mbeadh sé fúithi cineálacha cur chuige cuimsitheacha a dhreasú nó monatóireacht ghéar a dhéanamh orthu

i. Teagmhálacha ardleibhéil a bhunú idir an Chomhairle Ealaíon agus na seirbhísí míchumais agus eagraíochtaí ionadaíocha d'fhonn tacadóirí ealaíon a aithint san earnáil míchumais

ii. Taighde a dhéanamh ar shamhlacha rannpháirteachais ó thimpeall an domhain

iii. Earnáil na n-ealaíon ar an leibhéal áitiúil a dhreasú nó cuidiú léi páirt a ghlacadh i bplé le seirbhísí míchumais agus le heagraíochtaí ionadaíocha d'fhonn na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach:
- Naisc a chruthú agus caidrimh a fhorbairt le tacadóirí áitiúla
- Faisnéis, comhairle agus oiliúint maidir leis na healaíona a sholáthar d'eagraíochtaí áitiúla
- Eispéiris dhearfacha ar shaothair atá uaillmhianach ó thaobh na healaíne de a sholáthar d'eagraíochtaí áitiúla agus cuidiú leo a mbeartais ealaíon féin a fhorbairt
- Bealaí díreacha cumarsáide a fhorbairt le húsáideoirí seirbhísí míchumais agus/nó leis na baill de na heagraíochtaí ionadaíocha

b. Tacaíocht le haghaidh tionscadail chomhoibríocha i gcomhthéacsanna míchumais

i. Féachaint chuige go bhfuil cumasú na rannpháirtithe ar na critéir le haghaidh tionscadail chomhoibríocha

ii. Féachaint ar 'clásal comhpháirtíochta' a áireamh le hionad áitiúil/le heagraíocht ealaíon, chun an tionscadal a cheangal le bonneagar na n-ealaíon

iii. Deiseanna ábhartha a chur chun cinn ag baint úsáide as teanga inrochtana, dhearfach agus iad a scaipeadh ar sheirbhísí míchumais/ eagraíochtaí ionadaíocha agus ar ealaíontóirí/ eagraíochtaí ealaíon

iv. Na daoine sin a bhfuil tionscadail chomhoibríocha á bpleanáil acu a spreagadh le féachaint ar ealaíontóirí faoi mhíchumas agus grúpaí faoi mhíchumas a chuimsiú

*c.* Tacaíocht le haghaidh tionscnaimh lánpháirtithe agus/nó compántais lánpháirtithe

i. Tacaíocht airgeadais a thairiscint d'ealaíontóirí faoi mhíchumas le tabhairt faoi oiliúint agus forbairt ghairmiúil

ii. Cuidiú le compántais lánpháirtithe a saothar a chur chun cinn do na seirbhísí míchumais agus do na heagraíochtaí ionadaíocha d'fhonn naisc a fheabhsú agus deiseanna oiliúna a fhorbairt

4. An t-idirphlé idir na hEalaíona agus Míchumas agus réimsí gaolmhara Rannpháirtíochta sna hEalaíona[14]

[14] D'oibrigh an grúpa ó shraith sainmhínithe, a tarraingíodh síos don bheart. Is féidir teacht orthu in Aguisín 3.

a. An chaoi a dtuigeann agus a n-úsáideann an Chomhairle Ealaíon an téarma 'Na hEalaíona agus Míchumas' a shoiléiriú agus béim shoiléir á coimeád ar 'ealaín'

b. Soiléiriú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanann an Chomhairle Ealaíon idirdhealú idir an téarma sin agus cleachtais eile Rannpháirtíochta sna hEalaíona amhail na healaíona agus an tsláinte; na healaíona agus daoine breacaosta; agus na healaíona agus pobail. Go mór mór idirdhealú soiléir a dhéanamh idir an téarma agus gníomhaíocht theiripeach.

c. Aon chosúlachtaí nó pointí inarb ionann na cleachtais éagsúla a aithint.

d. Na nithe seo a leanas a aithint; Nádúr polaitiúil na nEalaíon agus Míchumais, an ról atá aige i gcleachtas gairmiúil na n-ealaíon, gur réimse ar leith é taobh istigh de raon níos leithne na héagsúlachta cultúrtha (a meas daoine áirithe gurb é an pointe tagartha comparáideach is giorra é), agus cearta lucht féachana/lucht éisteachta rochtain uilíoch a bheith acu ar thaispeántais agus ar thaibhithe.

## Aguisín 1

An Grúpa Comhairliúcháin[15]

| | |
|---|---|
| Amanda Elena Conrad | Ealaíontóir |
| Andrew Pike | Ealaíontóir |
| Anne McCarthy | Comhairle Contae Mhaigh Eo |
| Cathy Henderson | Ealaíontóir |
| Cathy O'Kennedy | Fluxusdance |
| Chris Ledger | Arts and Disability Forum (ADF) |
| Claude Madec | Seirbhísí Bhráithre na Carthanachta, Gaillimh |
| Damien O'Connor | Comhairle Contae Mhaigh Eo |
| Dawn Malloy | Croí Glan |
| Donal Toolan | Ealaíontóir |
| Eimear O'Herlihy | Everyman Palace Theatre |
| Hugh O'Donnell | Ealaíontóir |
| Johanne Mullan | IMMA |
| Jon Reynolds | Seirbhísí Bhráithre na Carthanachta, Gaillimh |
| Kath Gorman | Féile Lársamhraidh Chorcaí |
| Liz Burns | Fire Station Artists' Studios |
| Maeve Dineen | Comhairle Cathrach Chorcaí |
| Mary Nugent | Croí Glan |
| Niamh Ní Chonchubhair | Ionad Ealaíon an Axis |
| Pádraig Naughton | Arts & Disability Ireland (ADI) |
| Paul Bokslag | KCAT |
| Rosaleen McDonagh | Ealaíontóir |
| Sinéad Redmond | Comhairle Contae Loch Garman |
| Tara Brandel | Croí Glan |
| Úna Carmody | Arts Audiences |
| Maureen Gilbert | Éascaitheoir |

[15] D'fhreastail roinnt baill foirne de chuid na Comhairle Ealaíon ar laethanta comhairliúcháin - Orla Mooney (Ceann na Rannpháirtíochta sna hEalaíona), Monica Corcoran (Ceann na nEalaíon Áitiúil), Shiela Gorman (Oifigeach: Rannpháirtíocht sna hEalaíona), Jennifer Lawless (Cúntóir: Rannpháirtíocht sna hEalaíona)

## Aguisín 2

Sainmhínithe ó dhoiciméad Arts and Disability Ireland 'Becoming a National Resource – ADI's Policy and Strategic Direction 2011 – 2016'

**Na hEalaíona agus míchumas:** Is scáth-théarma é seo a dhéanann cur síos ar réimse leathan comhthéacsanna amhail ealaíona mhíchumas, ealaíona na mBodhar, cleachtas míchumastreoraithe, cleachtas comhoibríoch, ealaíontóirí faoi mhíchumas, lucht féachana/lucht éisteachta faoi mhíchumas, oibrithe faoi mhíchumas sna healaíona, seirbhísí rochtana agus tacaíocht. De thoradh air seo, clúdaíonn an téarma 'earnáil na n-ealaíon agus míchumais' na bealaí ina nglacann daoine atá faoi mhíchumas páirt sna healaíona chomh maith leis na bealaí ina bhféachann earnáil na n-ealaíon príomhshrutha ar an gcaoi ina dtéann daoine atá faoi mhíchumas i ngleic lena gcláir nó lena seirbhísí.

**Na healaíona míchumais:** Is é seo an chomhfhreagairt chruthaitheach phearsanta nó choiteann atá ag daoine atá faoi mhíchumas maidir leis an eispéireas ar bheith faoi mhíchumas.

**Ealaíona na mbodhar:** Tagraíonn an téarma seo don léiriú cruthaitheach ar chultúr na mBodhar[16] trí theanga chomharthaíochta. Tá an fhoirm ealaíne seo tearcfhorbartha in Éirinn faoi láthair toisc nach n-aithnítear úsáideoirí teanga comharthaíochta mar ghrúpa teangeolaíoch ar leith faoi reachtaíocht na hÉireann faoi láthair, mar a dhéantar sa Ríocht Aontaithe, i dTuaisceart Éireann agus in áiteanna eile. De thoradh air seo, tá go leor daoine den tuiscint gurb ionann bodhaire agus míchumas/lagú.

**Míchumastreoraithe:** Tagraíonn an téarma seo do na bealaí ina nglacann daoine atá faoi mhíchumas róil cheannaireachta i ngach gné dá gcleachtas agus dá mbainistíocht ealaíon, lena n-áirítear rialachas, bainistíocht, léiriú, stiúradh, cóiréagrafaíocht, stiúrthóireacht, dearadh agus cur i láthair.

**Ealaíontóirí faoi mhíchumas:** Is 'ealaíontóirí faoi mhíchumas' iad ealaíontóirí gairmiúla agus ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn a bhfuil lagú orthu, is cuma an roghnaíonn nó nach roghnaíonn siad dul i ngleic leis an míchumas ina saothar (féach 'ealaíona míchumais' thuas). Déanann go leor ealaíontóirí a bhfuil lagú orthu cinneadh, d'aon ghnó, gan a míchumas a lua ná é a dhéanamh mar chuid de mhargú a saothair. Tá cuid acu den bharúil go mbeidh tionchar ag a míchumas ar an gcaoi a léirmhínítear a saothar má tá a fhios ag an lucht féachana faoi. Is dóigh leo go bhféadfaí cromadh orthu nó fiú a rannpháirtíocht sna healaíona príomhshrutha a eisiamh nó idirdhealú ina coinne.

[16] Cultúr na mBodhar: Baineann daoine atá bodhar úsáid as an téarma Cultúr le cur síos a dhéanamh ar a modh maireachtála agus ar an eispéireas a eascraíonn ó Theanga Chomharthaíochta. Féach Deaf Arts Training Resource Pack, Artgenies, 2005.

## Aguisín 3

Sliocht ó 'Arts Council Arts and Health Policy 2010 - 2014':

2.4. Cén fáth go bhfuil na hEalaíona agus an tSláinte difriúil ó chleachtais ar leith eile a bhfuil baint acu leis?

**Teiripí Ealaíon** - Tá idirdhealú soiléir idir cleachtas na nEalaíon agus an tSláinte, ag a bhfuil an t-eispéireas agus léiriú ealaíne mar phríomhaidhm, agus teiripí ealaíon, ina bhfuil príomhaidhm cliniciúil i gceist.

**Na hEalaíona agus Míchumas -** Cuimsíonn na hEalaíona agus an tSláinte aidhmeanna ealaíne agus sláinte, fad is atá na hEalaíona agus Míchumas dírithe go sonrach ar rannpháirteachas agus ar rannpháirtíocht daoine atá faoi mhíchumas sna healaíona.

**Cleachtais ghaolmhara eile -** D'fhéadfadh sé go mbeadh na hEalaíona agus an tSláinte i gceist in go leor cleachtais ealaíon eile lena n-áirítear: na healaíona pobalbhunaithe; daonnachtaí ealaíon agus liachta; agus na healaíona agus an eolaíocht. Anuas air seo, d'fhéadfadh sé go roghnódh ealaíontóir aonair dul i ngleic le téamaí nó ábhar sláinte ina saothar. Braithfidh an méid a bhfuil cur síos ar na cleachtais seo mar na hEalaíona agus an tSláinte ar a mhéad is atá na tréithe ar a ndéantar cur síos orthu thuas mar chuid díobh (féach 2.1.).